“Geabh do mhúnadh, a mheic bhaoith”

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 19]

Ádhamh Ó Fialán .cc.

1 “Geabh do mhúnudh, a mheic bhaoith”
seanfhocul glan glóir bhionnghaoith
sdiuraidh fear láimh re lochtaibh;
cáir seadh is na seanfhoclaibh.

2 Seanfhocul so suairc a lagh
gidh créad an chúis bar canadh;
dá dtí leann mar as dú dhó
nirbh fhearr a chlú ón chéadló.

3 Ag so treas múinte as mhaith duid,
a mheic bhaoith as bhorb gcomhraig,
ná tréig maith ar olc gan ádh,
ná caith go docht an domhnán.

4 Ná bí luathaigeantach lonn
re dáimh re ndingne chomonn;
do ghrádh ód thriath ná till chor,
ná ling fhál sgiach gan sgothodh.

5 Ná saltair ar an sleigh ngéir,
go bráth ná tabhair thaibhéim,
tocht ba éigean reann go rod
ná teann ’s gan éideadh umod.

6 Iomghaibh iomghuin na nathrach,
seachain leomhan leadarthach,
re taobh na beithreach ná boing,
ná meirchreach aon gan fhochainn.

7 Comhrag losguinn lasrach mear
ná sir - is sé do dhaingean -
suail a sheadh i n-armaibh áigh,
marbhaidh fear uaidh dá anáil.

8 Déana orum, adhair dhi,
ná troid ris an tuinn mbáidhte;
ní fhoghain duid arm re hucht,
tuig, tuig, is garbh an guasucht.

9 Tusa an mac baothsa, a bhéal dearg,
a mheic Bhriain nach baoth Gaoidhealg,
tre thocht, a fhir Ché, bham chrodh

olc do dhligh mé do mhúnodh.

10 Maith dlighim gé a-dubhart sin
do mhúnudhsa, a laoich Luimnigh;
mé do theann, do chlú, a chleath Chláir,
tú leath rob fhearr dom éadáil.

11 Trí mairg déag do dháilis damh
re taobh t’éadaigh is t’arradh
i n-iongnais bhó is [eich] is óir,
mó ná an [bhreith] ionnmhais m’onóir.

12 Ionbhaidh duid, a dhearc mhallsa,
teacht ar ceann cruidh chugamsa;
gnáth leam gan rian sguir bam sgoil
triall ar ceann cruidh dod chathroigh.

13 Duid rob urusa a aithne
mo chrodhsa, a chleath ghormAichle;
ba tearc bó ann acht t’eallach,
a bharr cró, ar n-a gcoimhcheannach.

14 Ní hór ní hionnmhus oile
fhuarais, a fhir Challmhoighe,
acht dán ag ceannach do chruidh;
ní nár an t-eallach amhluidh.

15 Más aithiomlaoid as áil lat,
a bharr Cliach, mar ad-chonnac
do-bhéar slán choidhche do chradh
’s toirche rem dhán do dhiultadh.

16 Riot im thosd gé tú go se
tríd an aithiomlaoid n-éigne,
gé taoise slán, a chleath Chuilt,
is ágh dá ndeach gan díoghuilt.

17 Ó chianaibh do chan mé sain
mise an tonn bháidhte bhunaidh;
dírghidh sé seoladh mo rann,
is mé an leomhan ’s an losgann.

18 Is mé an bheithir bhuaidhreas cath,
mé an dreagon go neimh nathrach,
mé an fál reamhur do ragháibh,
dleaghor an t-ágh d’iomghabháil.

19 Mé an deoch neimhe as núidhe bríogh,
 -  seachain ainmhian na n-airdríogh

ná cló dá hibhe -  is ágh dhuibh -
ar ghrádh bhó, a bhile Beannchuir.

20 Is mé an gríos dearg, a dhaighfhir,
mé an fál sgiach nach sgothfaidhir;
is baois rod laoi ar lár na sás
mar a-taoi a-tám, a Thomás.

21 Gidh baois duid a ndearnais ruinn,
a Thomáismheic Bhriain bhratduinn,
rem robhaois nocho ró cur;
is mó an toghaois do thréagun.

22 Toghaois mhór dhuid is damhsa
ar ghrádh bhó, a bharr Ceanannsa,
tréigin a chéile, a chraobh Mhis,
’s ar bhféile ar-aon gá haithris.

23 Gen (gur) coimhfhial mé, a mheic Bhriain,
red dhreich ndeirg dhonnas ghoirmchriaidh,
maithfead mo bhú ar bhuaibh bhus fhearr;
ní dú an dá chruaidh go coimhtheann.

24 An grádh mór is mealladh damh
tugas duid, a fhir Almhan;
dod dhreich amlaigh rob fhallsa
gan bheith amhlaidh umamsa.

25 ’Mat fhallsacht aiseag d’fhagháil
[rod] thréag mé, a Mhéig Amhradháin;
suil tréiginn tú, a ghruadh mar ghlain,
truagh nach gan bhú do bhámair.

26 Créad acht [beag] agad uile
mo chrodhsa, a chinn Mhaonmhuighe;
ní bhiu ag ruide red chéibh gcoim,
tuige go léir a labhroim.

27 Aonghuth rod ma cheann mo chruidh
ní dubhart red dhreich n-amlaigh;
is mór an grádh, a ghríobh Orc,
gan a rádh d’fhíor nó d’ábhocht.

28 Ní hé an grádh ro anaic orm
do ghnúis gcorcra, a chleath Mhughdhorn,
gidh ionmhain t’fholt craobhnocht cam
acht gan aonlocht ort agam.

29 Ba neamhfhallsa, a nathair Chuilt

mo ghrádh duid - díochra a iarmuirt -
ger iomdha neach gá rádh ruinn
gor mheath dom dhán a ndéanuinn.

30 Dá chúis bar dhéachussa dhuid
gan t'aoradh trá is tú id charuid
d'fhios do fhreagra a-tám ag triall -
do ghrádh is t'eagla ar éinrian.

31 Cá hiath nach badh eagail leam
t'oirbheart fada ar fhud Éireann?
gé taoi ar síoth re neart a-nois,
is tearc críoch nachar chreachois.

32 Do chreachais - ba calma an rath -
chrích nDartraighe, a dhreach amlach;
sluagh Dartraighe nír dhíon cruidh,
a ghríobh fhaltbhuidhe, ón arguin.

33 Do airgis - anba an catházh -
maicne phortghlan Pheodachán;
creach sin mar chíos, a chleath Mhis,
do chreach sibh síos go Soilchis.

34 Do chreachais - ba creach fhoinnimh -
sluagh ródha clann Raghoilligh;
do airg bhar gcreach clann Fhearghail,
a bharr cleath, go claoinTeamhraigh.

35 Do airgis tar Sionainn siar
lá eile, a airgnigh Gailian;
red linn nír loigh rath gon lucht
go hOil bhFinn tar chath Connocht.

36 Do airgis dá aithle sain
Thír n-Oilealla is Thír dTuathail,
is chrích gCairbre d'ágh oile
go fairrge is chlár gCallroighe.

37 Bréifne féin ó bhun go barr
do airgis, a fhir Chualann;
a agra ort ní dú dháibh
is tú ar gach n-olc gá n-eadráin.

38 Is tú creachaire i gcrích Thé,
is tú as bhuachaill don Bhréifne;
beana don lucht bhú go beacht,
cá dulc is tú gad thoirreacht ?

39 Ní áireomh th’ágh seacha soin
i n-íoc mo bhó, a bharr Beannchoir;
díoghailt chruaidh grod do-ghéanom,
buaidh do throd ní thuiréamhom.

40 Gidh beag do áirmhius dot ágh
dearmad tug orm a iomrádh,
a chúl fionn na bhfaichleath gcas,
is aithreach liom ar labhras.

41 Is uime do áirmhius ort
an beagánsa dod bheodhocht
fad do shluaghaidh, a ghéag Gamh,
is méad m’uamhain mut aoradh.

42 Eagail leam a haird oile
th’aoradhsa, a fhir Bhóroimhe,
clú ar do ghairggníomh do líon libh
is síol airdríogh thú, a thaoisigh.

43 Clann Bhriain umad druim ar druim,
clann Mheadhbha is maicne Chonaill,
do léim a-nall doiligh dháibh,
clann Néill Oiligh, clann Cholmáin.

44 Síol dá Eochadh fat fholt chas,
clann Ruairc féin - cá fearr dúthchas ? -
’s clann Mhurchadha nar thráigh teann,
drumchladha áigh na hÉireann.

45 Dá mbeinn i Mumhain Mheic Con
ní léamhainn [orra] t’aoradh
méad do ghaoil ar broinn ó mBriain
re gach gcloinn saoir go seinChliaigh.

46 Ni chuirfinn Connachta im cheann
t’aoradh [agam nach] fuilngeann;
i Laighnibh ní léamhainn dul,
saidhbhir fhéaghaim dot uamhun

47 Conall is síol Eoghain fhéil
mór a ngaol dod ghnúis mhínréidh;
ní léig th’aoir ngrinn do ghabháil,
a Mhéig bhinn shaoir Shamhradháin.

48 Aonrann dá gcuirinn fa chách
dot aoir, a fholt mar orshnáth,
ro badh cian ó siobhal sinn
ní bhiadh m’ionudh i n-Éirinn.

49 Crois Chríosd tarainn leath ar leath;
do chosg m’fheirge, a fholt fáinneach,
fearg éadáigh a-dréacht damhsa,
sléacht an chéadáir chugamsa.

50 Sléacht chugum ó chionn go cois,
sir loghudh, a laoich Bhearnois,
sléacht an malaigh ndrumchaoil nduibh,
’s an aghaidh subhchaoimh sochruidh.

51 Sléacht an t-abhra craobhach corr,
sin an béal corcra chugom,
tabhair phóig go díochra dhamh,
dar móid fhíochdha budh athchar.

52 Athchrom ar n-eissíoth uainn as
 -  gom thréagon ó taoi deanas -
fa ghnaoi nochon éadubh ás
gom thréagun ó taoi, a Thomás.

53 A Thomásmhac Briain Bhearbha
Mhéig Shamhradhán shaoirfheardha,
cuid d’fhalaidh ní dú dhamh dhe
tabhair bhú gan chradh ceilge. Geabh

54 A inghean Méig Uidhir fhéil,
do mhúin Dia do dhreich mínréidh;
ná [maoidh], a Nualaidh, re neach
acht buanaigh t’aoibh is t’eineach.

55 A bhean Méig Shamhradhán shaoir,
a inghean úrsa ag Éadaoin,
a chraobh ghlan gan chlú ceilge,
saor thú ar ghal mo Ghaoidheilge. Gea

56 A Lasair Fhíona, a fholt bog,
trí datha áirmhid orod,
cách [uile] got ibhe dhe,
gile agus duinne is deirge. Geabh

57 A Athracht nar óbair gheis,
rod mhúin Críosd [ciodh fa gceilmis?]
do ghaol d’Ádhumh ní dú dhe
saor thú ón chrábhudh cheilge.